# CINNEADH (CBES) 2021/1305 ÓN gCOMHAIRLE

## an 5 Lúnasa 2021

## lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Deireadh Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/638/CBES ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine.

(2) Ba cheart faisnéis faoi chúigear a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2010/638/CBES a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/638/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2010/638/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Lúnasa 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. DOVŽAN

([1]) Cinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine (IO L 280, 26.10.2010, lch. 10).

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2010/638/CBES, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 1 go dtí 5 faoin gceannteideal 'Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4':

| | Ainm (agus ailiasanna féideartha) | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna |
|---|---|---|---|
| '1. | Captain Moussa Dadis CAMARA | Dáta breithe: 01.01.64 nó 29.12.1968<br>Pasuimhir: R0001318<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Ouagadougou (Burkina Faso)<br>Feidhm nó gairm: Iar-mhíleata agus ceannaire junta míleata CNDD (*Conseil National pour la Democratie et le Developpement*) | Duine a shainaithin an Coimisiún Idirnáisiúnta Fiosrúcháin mar dhuine atá freagrach as imeachtaí an 28 Meán Fómhair 2009 sa Ghuine |
| 2. | An Coirnéal Moussa Tiégboro CAMARA<br>Ailias: Moussa Thiegboro CAMARA | Dáta breithe: 01.01.1968<br>Pasuimhir: 7190<br>Inscne: fireann<br>Feidhm nó gairm: Ardrúnaí, Uachtaránacht Phoblacht na Guine | Duine a shainaithin an Coimisiún Idirnáisiúnta Fiosrúcháin mar dhuine atá freagrach as imeachtaí an 28 Meán Fómhair 2009 sa Ghuine |
| 3. | An Coirnéal Dr. Abdoulaye Chérif DIABY | Dáta breithe: 26.02.1957<br>Pasuimhir: 13683<br>Inscne: fireann<br>Feidhm nó gairm: dochtúir míleata | Duine a shainaithin an Coimisiún Idirnáisiúnta Fiosrúcháin mar dhuine atá freagrach as imeachtaí an 28 Meán Fómhair 2009 sa Ghuine |
| 4. | An Captaen Aboubacar Chérif (ailias Toumba) DIAKITÉ | Inscne: fireann<br>Seoladh: Conakry (Republic of Guinea)<br>Feidhm nó gairm: iar-mhíleata.<br>Faisnéis eile: faoi choinneáil | Duine a shainaithin an Coimisiún Idirnáisiúnta Fiosrúcháin mar dhuine atá freagrach as imeachtaí an 28 Meán Fómhair 2009 sa Ghuine |
| 5. | An Coirnéal Jean-Claude PIVI (ailias Coplan) | Dáta breithe: 01.01.1960<br>Inscne: fireann<br>Feidhm nó gairm: An tAire atá i gceannas ar Shlándáil an Uachtaráin | Duine a shainaithin an Coimisiún Idirnáisiúnta Fiosrúcháin mar dhuine atá freagrach as imeachtaí an 28 Meán Fómhair 2009 sa Ghuine' |